Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2022 (OR. en)**

**12114/22**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0255(NLE)**

**AGRI 407**
**AGRIORG 83**
**OIV 3**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Meán Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 430 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 430 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 430 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.9.2022
COM(2022) 430 final

2022/0255 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhthionól Ginearálta de chuid OIV an 4 Samhain 2022 i ndáil leis na rúin OIV a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh a bhféadfadh éifeachtaí dlíthiúla ar dhlí an Aontais a bheith mar thoradh orthu.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An stádas ar leith atá ag an Aontas laistigh de OIV

Tá 48 Stát ina mbaill de OIV faoi láthair , lena n-áirítear 20 Stát ar Ballstáit den Aontas iad. Níl an tAontas ina bhall de OIV. Mar sin féin, ón 20 Deireadh Fómhair 2017, tá OIV ag deonú don Aontas an stádas ar leith dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialacha Nós Imeachta OIV, lena gcuirfear ar a chumas idirghabháil in oibreacha na gCoimisiún, na bhFo-Choimisiún agus na ngrúpaí saineolaithe agus freastal a dhéanamh ar chruinnithe an Tionóil Ghinearálta agus an Choiste Feidhmiúcháin.

### 2.2. OIV

Is éard atá san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV) eagraíocht eolaíoch, theicniúil, idir-rialtasach atá gníomhach in earnáil an fhíonsaothraithe, deochanna fíonbhunaithe, fíonchaora boird, rísíní agus táirgí fíniúna eile. Is iad cuspóirí OIV (i) eolas a sholáthar maidir le bearta lena bhféadfar ábhair imní na dtáirgeoirí, na dtomhaltóirí agus imreoirí eile in earnáil na dtáirgí finiúna agus fíona a thabhairt san áireamh, (ii) cúnamh a thabhairt d’eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí caighdeánúcháin agus (iii) cur le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcleachtas agus na gcaighdeán atá ann cheana.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag OIV

Reáchtálfar an chéad Tionól Ginearálta eile de chuid OIV an 4 Samhain 2022. Sa chomhthéacs sin agus ar bhonn pléití a rinneadh i measc an ghrúpa saineolaithe ag físchruinnithe i mí Bealtaine 2022, is féidir a mheas go mbeidh na rúin seo a leanas, a mbeidh éifeacht dhlíthiúil acu ar dhlí an Aontais, ar chlár an Tionóil Ghinearálta lena nglacadh:

– Dréachtrúin OENO-TECHNO 14-567B2, 14-567B4 agus 14-567C1 lena mbunaítear an t-idirdhealú idir breiseáin agus áiseanna próiseála le haghaidh comhdhúile fíoneolaíocha áirithe, dréachtrúin OENO-TECHNO 20-684A, 21-689 agus 21-708 lena nuashonraítear cleachtais fhíoneolaíocha áirithe atá ann cheana, dréachtrún OENO-TECHNO 20-684B lena mbunaítear cleachtas fíoneolaíoch nua agus dréachtrún OENO-TECHNO 21-707 lena ndéantar cleachtas fíoneolaíoch atá ann cheana a tharraingt siar.

– Dréachtrúin OENO-SPECIF 20-675A, 20-675B, 20-675C, 20-675D agus 20-681 lena mbunaítear sonraíochtaí aitheantais nua le haghaidh substaintí áirithe a úsáidtear i dtáirgeadh fíona, agus dréachtrúin OENO-SPECIF 17-624 agus 20-674 lena modhnaítear na sonraíochtaí sainaitheantais comhfhreagracha le haghaidh substaintí áirithe a úsáidtear i dtáirgeadh fíona.

– Dréachtrún CST-SCMA 20-668 ina dtugtar tuairim OIV maidir le heastóscán tirim iomlán fíona a úsáidtear chun calaois i bhfíon a bhrath, dréachtrúin OENO-SCMA 19-665 agus 20-667 lena mbunaítear modhanna nua anailíse, dréachtrún OENO-SCMA 20-683 lena nuashonraítear an modh anailíse lena ndéantar an nítrigin iomlán

in úrfhíonta agus i bhfíonta a chainníochtú agus dréachtrún SECSAN-SECUAL 21-709 lena nuashonraítear na critéir maidir le hailléirginí a chainníochtú.

Faoi mar a bhí san am a chuaigh thart, is féidir a mheas go dtiocfaidh éabhlóid ar chlár chruinniú Thionól Ginearálta OIV agus go gcuirfear ar an gclár rúin eile a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ar dhlí an Aontais mar thoradh orthu. Chun éifeachtúlacht obair an Tionóil Ghinearálta a áirithiú agus sin a dhéanamh ar dhóigh a léiríonn urraim do rialacha na gConarthaí, déanfaidh an Coimisiún forlíonadh nó leasú in am trátha ar an togra seo chun é a chur ar a chumas don Chomhairle an seasamh a ghlacadh a bheidh le glacadh maidir leis na rúin sin freisin.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Rinne saineolaithe eolaíocha agus teicniúla de chuid earnáil an fhíona plé fairsing ar na dréachtrúin a chuirfear chun vóta ag an gcéad Tionól Ginearálta eile de chuid OIV. Cuireann siad le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán fíona agus leagfar amach leo creat lena n-áiritheofar iomaíocht chóir i dtrádáil tháirgí earnáil an fhíona. Dá bhrí sin ba cheart tacú leo.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina bhall den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil[1].

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[2].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is éard atá san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV) eagraíocht eolaíoch, theicniúil, idir-rialtasach atá gníomhach in earnáil an fhíonsaothraithe, deochanna fíonbhunaithe, fíonchaora boird, rísíní agus táirgí fíniúna eile. Tá 48 Stát ina mbaill de OIV faoi láthair , lena n-áirítear 20 Stát ar Ballstáit den Aontas iad. Níl an tAontas ina bhall de OIV. Mar sin féin, ón 20 Deireadh Fómhair 2017, tá OIV ag deonú don Aontas an stádas ar leith dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialacha Nós Imeachta OIV, lena gcuirfear ar a chumas idirghabháil in oibreacha na gCoimisiún, na bhFo-Choimisiún agus na ngrúpaí saineolaithe agus freastal a dhéanamh ar chruinnithe an Tionóil Ghinearálta agus an Choiste Feidhmiúcháin.

---

[1] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

[2] Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

De bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún, bíonn éifeacht dhlíthiúil ar dhlí an Aontais le rúin áirithe arna nglacadh agus arna bhfoilsiú ag OIV. Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais maidir leis na rúin sin i ndáil le hábhair atá faoina inniúlacht a ghlacadh agus ba cheart do na Ballstáit ar baill de OIV iad é a chur in iúl ag cruinnithe OIV, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir na ndréachtrún atá beartaithe le comhchuibhiú na gcaighdeán fíona agus dá bhrí sin le cur i bhfeidhm comhbheartas talmhaíochta. Dá bhrí sin, is é Airteagal 43 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 43 ba cheart a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Neamhbhainteach.

2022/0255 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 de, i gcomhréir le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanfaidh an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Fhíniúin agus um Fhíon (OIV) scrúdú ar rúin a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla leo chun críocha Airteagal 218(9) CFAE sa chéad Tionól Ginearálta eile a bheidh aici an 4 Samhain 2022 agus d'fhéadfadh sé go nglacfadh sí na rúin sin.

(2) Níl an tAontas ina bhall de OIV. Mar sin féin, an 20 Deireadh Fómhair 2017, bhronn OIV ar an Aontas an stádas ar leith dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialacha Nós Imeachta OIV.

(3) Tá 20 Ballstát ina mbaill de OIV. Beidh deis ag na Ballstáit sin leasuithe ar dhréachtrúin OIV a mholadh agus iarrfar orthu na dréachtrúin sin OIV a ghlacadh sa chéad Tionól Ginearálta eile de chuid OIV an 4 Samhain 2022.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais maidir leis na rúin sin i ndáil le hábhair atá faoina inniúlacht a ghlacadh agus ba cheart do na Ballstáit ar baill de OIV iad é a chur in iúl ag cruinnithe OIV, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais.

(5) De bhun Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934[4] ón gCoimisiún, beidh éifeachtaí dlíthiúla le rúin áirithe arna nglacadh agus arna bhfoilsiú ag OIV.

(6) Foráiltear le hAirteagal 80(3)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 go mbeidh ar an gCoimisiún na cleachtais fhíoneolaíocha agus na modhanna anailíse a mhol agus a d'fhoilsigh OIV a thabhairt san áireamh agus é ag údarú cleachtais fhíoneolaíocha.

(7) Foráiltear le hAirteagal 80(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus modhanna anailíse á leagan síos ag an gCoimisiún lena gcinnfear comhdhéanamh tháirgí earnáil

---

3 Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

4 Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le limistéir fíonsaothrúcháin inar féidir an neart alcóil a mhéadú, cleachtais fhíoneolaíocha údaraithe agus srianta is infheidhme maidir le táirgeadh agus caomhnú táirgí fíniúna, an t-íoschéatadán alcóil i gcás táirgí agus a ndiúscairt, agus foilsiú comhad de chuid OIV (IO L 149, 7.6.2019, lch. 1).

an fhíona, go mbunóidh sé na modhanna sin ar aon mhodh ábhartha arna mholadh agus arna fhoilsiú ag OIV mura rud é go mbeidís neamhéifeachtach nó neamhchuí i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag an Aontas.

(8) Foráiltear le hAirteagal 90(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, i dtaca le táirgí earnáil an fhíona a allmhairítear chun an Aontais, go dtáirgtear na táirgí sin i gcomhréir le cleachtais fhíoneolaíocha arna n-údarú ag an Aontas de bhun an Rialacháin sin nó, roimh an údarú sin, a táirgeadh i gcomhréir le cleachtais fhíoneolaíocha arna moladh agus arna bhfoilsiú ag OIV.

(9) Foráiltear le hAirteagal 9(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, i gcás nach leagann an Coimisiún síos iad, gurb iad na sonraíochtaí íonachta agus na sonraíochtaí aitheantais a bhaineann le substaintí a úsáidtear i gcleachtais fhíoneolaíocha na sonraíochtaí dá dtagraítear i gcolún 4 de Thábla 2 i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, a thagraíonn do mholtaí OIV.

(10) Le Dréachtrúin OENO-TECHNO 14-567B2, 14-567B4 agus 14-567C1 bunaítear an t-idirdhealú idir breiseáin agus áiseanna próiseála le haghaidh comhdhúile fíoneolaíocha áirithe. Le dréachtrúin OENO-TECHNO 20-684A, 21-689 agus 21-708 nuashonraítear cleachtais fíoneolaíocha áirithe atá ann cheana. Le dréachtrún OENO-TECHNO 20-684B, bunaítear cleachtas nua fíoneolaíocha. Le dréachtrún OENO-TECHNO 21-707 tarraingítear siar cleachtas fíoneolaíocha atá ann cheana. I gcomhréir le hAirteagal 80(3)(a) agus Airteagal 90(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, beidh éifeachtaí dlíthiúla leis na Rúin sin.

(11) Le Dréachtrúin OENO-SPECIF 17-624 agus 20-674, nuashonraítear sonraíochtaí aitheantais le haghaidh substaintí áirithe a úsáidtear i dtáirgeadh fíona. Le Dréachtrúin OENO-SPECIF 20-675A, 20-675B, 20-675C, 20-675D agus 20-681, bunaítear sonraíochtaí aitheantais nua le haghaidh substaintí áirithe a úsáidtear i dtáirgeadh fíona. I gcomhréir le hAirteagal 80(3)(a) agus Airteagal 90(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, agus le hAirteagal 9(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/934, beidh éifeachtaí dlíthiúla leis na Rúin sin.

(12) Le Dréachtrún CST-SCMA 20-668 tugtar tuairim OIV maidir le heastóscán tirim iomlán fíona a úsáidtear chun calaois i bhfíon a bhrath. Le dréachtrúin OENO-SCMA 19-665 agus 20-667, leagtar síos modhanna nua anailíse. Nuashonraítear le Dréachtrún OENO-SCMA 20-683 an modh anailíse lena ndéantar cainníochtú ar nítrigin iomlán in úrfhíonta agus i bhfíonta agus nuashonraítear na critéir maidir le cainníochtú ailléirginí le dréachtrún SECSAN-SECUAL 21-709. I gcomhréir le hAirteagal 80(3)(a) agus Airteagal 80(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013, beidh éifeachtaí dlíthiúla leis na Rúin sin.

(13) Rinne saineolaithe eolaíocha agus teicniúla earnáil an fhíona plé fairsing ar na dréachtrúin OIV sin. Cuireann siad le comhchuibhiú idirnáisiúnta na gcaighdeán fíona agus leagfar amach leo creat lena n-áiritheofar iomaíocht chóir i dtrádáil tháirgí earnáil an fhíona. Dá bhrí sin ba cheart tacú leo.

(14) Chun go mbeidh an tsolúbthacht is gá ann le linn na caibidlíochta roimh chruinniú Thionól Ginearálta OIV an 4 Samhain 2022, ba cheart údarú a thabhairt do na Ballstáit ar baill de OIV iad aontú le hathruithe ar na dréachtrúin OIV sin ar choinníoll nach n-athrófar a substaint leis na hathruithe sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhthionól Ginearálta OIV atá beartaithe don 4 Samhain 2022.

*Airteagal 2*

Déanfaidh Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de OIV, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur in iúl.

*Airteagal 3*

1. I gcás inar dóigh go ndéanfar difear, le faisnéis eolaíoch nua nó faisnéis theicniúil nua arna cur i láthair roimh chruinnithe OIV, nó lena linn, don seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, iarrfaidh na Ballstáit ar Baill de OIV iad go gcuirfear an vótáil i dTionól Ginearálta OIV ar athlá go dtí go mbunófar seasamh an Aontais ar bhonn na faisnéise nua sin.
2. Tar éis comhordúcháin agus in éagmais cinneadh eile ón gComhairle lena mbunaítear seasamh an Aontais, féadfaidh na Ballstáit ar Baill de OIV iad, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh thar ceann an Aontais, aontú le hathruithe teicniúla ar na dréachtrúin dá dtagraítear san Iarscríbhinn nach n-athraítear a substaint leo.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*